Comhairle an
Aontais Eorpaigh

PUBLIC

An Bhruiséil, 24 Márta 2022
(OR. en)

7230/22
ADD 1
LIMITE
PV CONS 14
SOC 157
EMPL 100
SAN 157
CONSOM 61

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(Fostaíocht, Beartas Sóisialta, Sláinte agus Gnóthaí Tomhaltóirí)

14 Márta 2022

**Ráitis a ghabhann leis na míreanna neamhreachtacha 'A' a leagtar amach in 6927/22**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 5 ar liosta na míreanna 'A':** | **Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Lárionad Idirnáisiúnta chun Díospóidí Infheistíochta a Shocrú (CIRDI)**<br>*Glacadh* |

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

'Tugann an Coimisiún dá aire go dtagann infheistíocht neamhdhíreach choigríche agus réiteach díospóidí infheistíochta faoi réim inniúlacht a roinntear idir an tAontas agus a Bhallstáit, de réir Thuairim 2/15 ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Tugann an Coimisiún dá aire go bhfuil an chuid sin de na tagairtí do Thuairim 2/15 scriosta ó Aithris 3 den Chinneadh athbhreithnithe ón gComhairle. Is mian leis an gCoimisiún a mheabhrú gur chuir an Chúirt Bhreithiúnais an seasamh sin in iúl go sainráite i mír 293, i mír 305, agus sa chuid oibríochtúil de Thuairim 2/15 chomh maith. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nach léiriú cruinn é aithris athbhreithnithe 3 den Chinneadh ón gComhairle ar shubstaint na Tuairime ón gCúirt a mhéid a bhaineann le teorannú na n-inniúlachtaí i réimse an réitigh díospóidí infheistíochta.'